Suirbhé na gCustaiméirí

Tuairisc ar shuirbhé chustaiméirí ag MORI na hÉireann ar son Chigireacht na Roinn Oideachais agus Eolaíochta

MORI IRELAND

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

AN CHIGIREACHT

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2007
ISBN 0-0000-0000-X

Deartha ag TOTAL PD

Foilsithe ag an Oifig Stáiseanóireachta, Baile Átha Cliath

Le ceannach go díreach ó
Oifig Dhíolachán Foilseachán an Rialtais
Teach Sun Alliance
Sráid Molesworth
Baile Átha Cliath 2

nó trí ordú phoist ó
Foilseacháin Rialtais
Rannán Post-Tráchta
Aonad 20
Páirc Miondíola Cois Locha
Clár Chlainne Mhuiris
Co Mhaigh Eo

Clóbhuailte ag Brunswick Press Teo.

€10.00

Réamhrá an Phríomh-Chigire

Tá An Roinn Oideachais agus Eolaíochta dírithe ar phleanáil éifeachtúil agus polasaí a chur i bhfeidhm nuair atá seirbhísí d'ardchaighdeán á seachadadh chun riachtanais a gcustaiméirí a shásamh. Tá béim curtha ar an ngeallúint seo den chleachtas is fearr i seachadadh na seirbhísí sa *Chairt Custaiméara, sa Ráiteas Straitéise* agus *Tuarascáil Bhliantúil* agus i *bPlean Gníomhach Seirbhís na gCustaiméirí, 2004-2007* de chuid na Roinne. Thug Tuairisc an Phríomh-Chigire, 2001-2004, a foilsíodh in Aibreán 2005, cuntas cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí na Cigireachta. Léirigh sí fócas na Cigireachta ar a chinntiú go mbainfeadh ardchaighdeán seirbhíse lenár gcuid oibre idir mheastóireacht, chomhairle agus fhorbairt polasaí de réir mar atá leagtha amach dúinn.

Sa bhliain 2005, choimisiúnaigh an Chigireacht MORI na hÉireann chun suirbhé custaiméirí foirmiúil a sheoladh, a bheadh dírithe ar chaighdeán agus ar cháilíocht ár gcuid oibre meastóireachta i scoileanna. Thug an suirbhé an deis do thuismitheoirí, do bhaill na mbord bainistíochta, do phríomhoidí agus do mhúinteoirí a gcuid tuairimí a thabhairt ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthraíonn an Chigireacht. Dhírigh an suirbhé, go háirithe, ar ghaoil phroifisiúnta i gcomhthéacs meastóireachta scoile, modhanna meastóireachta, agus tuairisceoireachta.

Tá an-áthas orm an tuairisc ar an gcéad suirbhé custaiméirí a sheoladh, a léirigh leibhéil sásaimh an-ard i leith obair na Cigireachta tríd is tríd. Déanann torthaí an tsuirbhé imlíniú agus formhuiniú ar a lán buanna de chuid na cigireachta: a saineolas proifisiúnta, a hoibiachtúlacht, a cothromaíocht, a proifisiúntacht, a cúirtéis, a scileanna idirphearsanta, agus a cumas cumarsáide béil agus scríofa. Is inniúlachta bunúsacha iad seo sa Chigireacht agus tá áthas orainn go bhfuil ardmheas ag ár gcustaiméirí ar an tslí ina dtugaimid faoin obair seo.

Léiríonn torthaí an tsuirbhé, chomh maith, roinnt slite go bhféadfadh an Chigireacht níos mó forbartha a dhéanamh ar a seirbhísí, mar shampla maidir le fógra a sholáthar i leith cruinnithe agus an méid ama a thógann sé an tuairisc scríofa deiridh a chur chun na scoileanna a ghiorrú. Tá an Chigireacht tar éis an-aird a thabhairt ar thuairimí na bhfreagróirí, a bheidh an-áiseach chun gnáthaimh a fhorbairt le haghaidh tuilleadh feabhais a chur ar ár bhfeidhmeanna. Táim cinnte go dtabharfaidh torthaí an tsuirbhé tacaíocht dár n-iarracht leanúnach chun feabhas leanúnach a bheith ar an eagraíocht agus chun sméar mullaigh a chur ar an gcóras oideachais.

Eamon Stack
An Príomh-Chigire

Admhálacha

Tá mór-bhuíochas ag dul do na múinteoirí uile, do na príomhoidí scoile, do na tuismitheoirí agus do bhaill na mbord bainistíochta a d'fhreagair an ceistneoir poist. Tá an chigireacht an-bhuíoch as an am a caitheadh agus as an iarracht a rinneadh.

Buíochas, chomh maith, le hAonad Tacaíochta agus Taighde ar an Meastóireacht, a rinne comhordú ar ullmhúchán an tsuirbhé agus ar fhoilsiú na tuairisce seo, le baill na Cigireachta a bhí mar an Grúpa Oibre, agus do MORI na hÉireann, a rinne an suirbhé a riaradh agus a rinne anailís ar na sonraí a tháinig as ar son na Cigireachta.

Clár

Réamhrá		**3**
Admhálacha		**4**
Caibidil 1	Brollach	**6**
Caibidil 2	Dearadh na taighde	**9**
Caibidil 3	Suirbhé ar na múinteoirí	**11**
Caibidil 4	Suirbhé ar na príomhoidí scoile	**24**
Caibidil 5	Torthaí agus conclúidí	**34**
Aguisíní	Aguisín 1 Ceistneoir eisithe do mhúinteoirí	**37**
	Aguisín 2 Ceistneoir eisithe do phríomhoidí scoile	**39**
	Aguisín 3 Scóir chomhiomlána ó na ceistneoirí	**41**

Caibidil 1
Brollach

Is rannóg é An Chigireacht laistigh den Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE). Tá dualgas reachtúil caighdeáin dearbhaithe uirthi maidir le soláthar oideachais, mar atá leagtha amach i rannóg 13 den Acht Oideachais 1998. Sainmhíníonn an t-Acht feidhmeanna an chigire ina th/teagmháil le múinteoirí, le scoileanna agus le gach a mbaineann leis an mbainistíocht scoile agus déanann sé imlíniú ar dhualgas na Cigireachta i dtaobh chomhairle a thabhairt don Aire.

Is féidir gníomhaíochtaí na Cigireachta a rangú ar bhonn leathan i dtrí shruth:

- → clár cigireachta a fheidhmiú i scoileanna agus in ionaid oideachais agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar ghnéithe ar leith i soláthar an oideachais,
- → comhairle a thabhairt agus measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Acht Oideachais 1998 agus ar achtanna agus ar rialacháin rannacha cuí eile, agus
- → cabhrú leis agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt pholasaí agus d'athbhreithniú.

Chun déileáil leis na gníomhacha éagsúla seo go cuimsitheach, tá an Chigireacht eagraithe i ndá fhoroinn: an Fhoroinn Tacaíochta Polasaí agus Foroinn na Seirbhísí Réigiúnacha. Tá an Fhoroinn Tacaíochta Polasaí freagrach as cabhrú le polasaí an ROE a fhorbairt i réimsí difriúla, as tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí meastóireachta na Cigireachta go ginearálta, as soláthar na seirbhísí corparáideacha agus as comhordú a dhéanamh ar cheangail idirnáisiúnta laistigh den Chigireacht. De bharr gurab é feidhm lárnach na Cigireachta tuairisciú a dhéanamh ar chaighdeán soláthar an oideachais, tá an chuid is mó de na cigirí luaite le Foroinn na Seirbhísí Réigiúnacha. Déanann an fhoroinn seo pleanáil agus bainistíocht ar chlár iniúchta bliantúil na Cigireachta agus cuireann sí é i bhfeidhm chomh maith. San áireamh sa chlár seo tá iniúchadh ar mhúinteoirí, ar scoileanna agus ar ionaid oideachais timpeall na tíre. Déantar measúnú ar mhúineadh agus ar fhoghlaim ábhar ar leith, agus déantar measúnú ar obair scoileanna trí *Mheastoireacht Scoile Uile* (MSU). Tá a lán ama caite ar mheasúnú a dhéanamh ar obair mhúinteoirí bunscoile nua-cháilithe.

Sé aidhm na Cigireachta ná barr feabhais a chur chun cinn sa chóras oideachais trína fheidhmeanna meastóireachta agus comhairleacha a chur i ngníomh. Leagann an *Cód Cleachtais Proifisiúnta na Cigireachta um Mheastóireacht agus um Thuairisciú* amach na prionsabail ghinearálta go n-oibríonn baill na Cigireachta dá réir sa phróiseas meastóireachta agus tuairisceoireachta agus léiríonn sé go soiléir na caighdeáin go n-oibríonn an Chigireacht chucu. San áireamh ins na prionsabail seo tá

- meas agus muinín cómhalartach, páirtnéireacht agus comhoibriú a chothú,
- critéir mheastóireachta a fheidhmiú go seasta,
- díriú ar chruinneas agus ar bhreithiúnas a bhunú ar fhianaise bhunaidh,
- comhsheasmhacht agus cothromaíocht a choimeád,
- rúndacht, cúirtéis, meas agus cothromaíocht a dheimhniú sna hidirghníomhaíochta, agus
- a thuiscint gurab iad daltaí go príomha, i ndeireadh na dála, a bhainfidh tairbhe as an bpróiseas meastóireachta.

Aithníonn na prionsabail seo cearta na ndaoine go mbímid ag déileáil leo i scoileanna le linn gníomhaíochtaí meastóireachta i dtaobh chórais chothroim, leanúnaigh a bheith i bhfeidhm, ní hamháin i nós an iniúchaidh, ach ins an stíl ina ndéantar an tuairisceoireacht ar thorthaí na meastóireachta. Tá siad leathnaithe níos mó sa *Chód Cleachtais Proifisiúnta na Cigireachta um Mheastóireacht agus um Thuairisciú i* leith ghaol proifisiúnta, modhanna meastóireachta, agus tuairisceoireacht idir bhéil agus scríofa. D'fhoilsigh an Chigireacht, chomh maith, a *Nós Imeachta Athbhreithnithe do Chigireacht ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí* faoi rannóg 13 (9) den Acht Oideachais 1998. Seasann an dá fhoilseachán seo do leathnú ar dhualgais na Cigireachta de réir *Phlean Ghníomhaigh DES do Sheirbhís Custaiméirí d'Ard Chaighdeán* (2004-2007)

Tá cúram ar leith ar Chigirí scoile faoin Acht Oideachais 1998 do thuismitheoirí, do na hionaid oideachais, do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile, do phátrúin, do hiontaobhaithe, do na páirtnéirí oideachais, do na seirbhísí tacaíochta agus do dhaltaí. Mar sin, tá gaol soláthraí-custaiméir ag an gChigireacht leis na daoine agus leis na heagraíochtaí seo agus í ag soláthar seirbhíse.

Tá an tseirbhís a sholáthraíonn an Chigireacht dá custaiméirí eachtracha éagsúil agus il-chasta, ina feidhm agus ina heagraíocht. D'fhéadfadh an pointe teagmhála leis an gcustaiméir agus an meán a bheith éagsúil agus d'fhéadfadh sé tarlú i seomra ranga, i seomra foirne, in oifig, ag cruinniú, nó i mbaile. D'fhéadfadh an teagmháil a bheith déanta ar bhonn neamhfhoirmiúil, ach don chuid is mó bíonn sé ar bhonn fhoirmiúil nó leath-fhoirmiúil, cur i gcás eolas a léiriú, nó páirt a ghlacadh i gcruinniú agus bíonn idirghníomhaíochta ó dhuine go duine i gceist go minic ann. D'fhéadfadh an meán a úsáidtear a bheith i scríbhinn nó mar ráiteas agus d'fhéadfadh glaonna gutháin, ríomh-post agus macasamhail a bheith i gceist.

De bhrí go mbaineann an chuid is mó d'obair na Cigireachta le hobair meastóireachta i scoileanna agus le tuairiscí meastóireachta a fhoilsiú, agus de bhrí go bhfuil an chuid is mó de an cigirí bainteach leis an ngníomhaíocht seo, baineann an chéad suirbhé custaiméara ar chigireacht leis na custaiméirí a bhí gafa le cigirí i ngníomhaíocht meastóireachta. Mar sin, rinneadh suirbhéireacht ar cheithre ghrúpa custaiméirí:

- tuismitheoirí
- baill de bhoird bhainistíochta
- príomhoidí
- múinteoirí

Bhí ráta aisfhillte na gceistneoirí líonta ó thuismitheoirí agus ó bhoird bhainistíochta an-íseal (4 faoin gcéad agus 1 faoin gcéad faoi seach). Bhí MORI na hÉireann den tuairim go mbeadh sé mí-chiallmhar agus neamh-mhuiníneach aon anailís a bheith bunaithe ar shamplaí beaga dá leithéid, agus dá bharr san fágadh amach iad ón anailís don tuairisc seo.

Struchtúr na tuairisce

Déanann Caibidil 2 imlíniú ar na modhanna agus an mhodheolaíocht a úsáideadh chun na sonraí a bhailiú don tsuirbhé. Tugann Caibidil 3 agus 4 tuairisc ar an anailís ar shonraí an cheistneora ó mhúinteoirí agus ó phríomhoidí scoile. Tugann Caibidil 5 cuntas ar thorthaí an tsuirbhé agus cuireann sé béim ar na tosaíochta chun ghnímh ag an gCigireacht bunaithe ar na torthaí seo.

Caibidil 2

Dearadh na taighde

Rinne an tAonad Tacaíochta agus Taighde ar an Meastóireacht (ATTM) den Chigireacht dearadh na taighde don tsuirbhé, agus rinne MORI na hÉireann an suirbhé a riaradh agus rinneadh anailís agus tuairisceoireacht air.

NA FREAGRÓIRÍ

Socraíodh go mbeadh suirbhéireacht déanta ar líon áirithe custaiméirí ó cheithre ghrúpa éagsúla:

- príomhoidí scoile,
- múinteoirí
- boird bhainistíochta,
- tuismitheoirí

Chun critéir a fhorbairt le haghaidh freagróirí a aithint ó gach ceann de na ceithre sprioc-ghrúpa, bhí cúram tugtha dó go mbeadh sampla ceart faighte uatha siúd a rinneadh an suirbhé orthu a fhreagródh do ghach aicme faoi leith. Mar sin, féachadh ar mhéid agus ar shuíomh na scoile agus an taithí a bhí acu ar gníomhaíochtaí meastóireachta. Ag leibhéal iar-bhunscoile, bhí scoileanna ó gach ceann de na trí earnáil–meánscoil deonach, scoileanna coiste oideachais ghairmeach, agus scoileanna pobal agus cuimsitheach – clúdaithe sa suirbhé.

Príomhoidí scoile
Ainmníodh grúpa samplach de 150 príomhoidí. Ainmníodh 75 scoil i ngach ceann den dá leibhéal, bunscoile agus iar-bhunscoile, de réir méid na n-iniúchtaí a rinneadh ag an dá leibhéal.

Múinteoirí
D'ainmníodh grúpa samplach de 539 múinteoir, chomh maith. Roghnaíodh iad seo ón 150 scoil chéanna inar eisíodh ceistneoirí na bpríomhoidí. Bhí an grúpa seo déanta suas de 204 múinteoir le taithí agus 177 múinteoir nua-cháilithe ag leibhéal bunscoile agus 158 múinteoir ag leibhéal iar-bhunscoile.

Boird bhainistíochta
Ainmníodh grúpa samplach de 20 bord bainistíochta. Bhí boird ó 10 gcinn de bhunscoileanna agus 10 gcinn de iar-bhunscoileanna san áireamh sa tsuirbhé. Bhí gach ball de gach bord bainistíochta le bheith san áireamh ann.

Tuismitheoirí
Roghnaíodh grúpa samplach de 60 tuismitheoir, a bhí faighte ó 10 gcinn de bhunscoileanna agus 10 gcinn dena hiar-bhunscoileanna ina raibh na boird bhainistíochta san áireamh sa tsuirbhé.

Fágadh amach na sonraí a fuarthas ó na boird bhainistíochta agus ó na tuismitheoirí a rinneadh suirbhéireacht orthu ó thorthaí na tuairisce de bharr an ráta aisfhilleadh an-íseal (1 faoin gcéad agus ceithre faoin gcéad faoi seach).

AN SUIRBHÉ

Dáileadh ceistneoirí gearra (idir 14 agus 17 mír) do gach ceann de na sprioc-ghrúpaí chun tuairimí na bhfreagróirí ar na trí scálaí a thomhas:

- → gaoil phroifisiúnta i gcomhthéacs meastóireachta scoile,
- → gnáthaimh meastóireachta
- → tuairisceoireacht.

Bhí na míreanna ar gach scála tógtha as an *Cód Cleachtais Proifisiúnta na Cigireachta um Mheastóireacht agus um Thuairisciú.*

D'ullmhaigh agus sholáthair an tAonad Tacaíochta agus Taighde ar an Meastóireacht sonraí teagmhála cuí do MORI na hÉireann dóibh siúd go léir go rabhthas chun suirbhéireacht a dhéanamh orthu. Maidir leis na boird bhainistíochta agus na tuismitheoirí, iarradh ar chathaoirligh bord bainistíochta gach ceann de na fiche scoil a ainmníodh le haghaidh an tsuirbhé, ceistneoirí a dháileadh do gach ball de gach bord bainistíochta agus do thriúr tuismitheoir trí chumann na dtuismitheoirí.

Cuireadh na ceistneoirí líonta ar ais go díreach chuig MORI na hÉireann chun na sonraí a eagrú agus chun próiseáil a dhéanamh orthu. Tá tuairisc ar an anailís ar shonraí an cheistneora tugtha i gcaibidil 3 agus 4. Tá na ceistneoirí a úsáideadh le haghaidh na taighde tugtha sna haguisíní.

Caibidil 3

Suirbhé ar na múinteoirí

Déanann an chaibidil seo scrúdú ar dhearcadh na múinteoirí ar an gCigireacht i slí níos miona. Sa bhreis, tá *anailís spreagtha* - anailís ar na fachtóirí san go bhfuil an tionchar is mó acu ar shásamh na múinteoirí leis an gCigireacht - tugtha.

Rinne an ceistneoir luacháil ar thrí ghné de ghníomhaíocht na Cigireachta:

- gaoil phroifisiúnta i gcomhthéacs meastóireachta scoile,
- gnáthaimh meastóireachta,
- tuairisceoireacht.

Faoi gach teideal, tugadh líon tuairiscí do na múinteoirí agus iarradh orthu taifeadadh a dhéanamh ar leibhéal a sásaimh nó a mí-shásaimh maidir le gach ceann. Tugadh an seans dóibh, chomh maith, tuairimí breise a thabhairt. D'fhreagair 261 múinteoir an suirbhé. Tá an ráta freagartha seo, de 48.4 faoin gcéad, níos airde ná an gnáth leibhéal freagartha ar shuirbhéanna féin-líonta.

Go ginearálta, tá leibhéal ard sásaimh leis an gcigireacht i measc múinteoirí. Dúirt beagán níos lú ná leath (48.7 faoin gcéad) go raibh siad "an-shásta" leis an gcigireacht, agus dúirt 40.7 faoin gcéad eile go raibh siad "sásta". Bhí beagán níos lú ná aon as deich (9.1 faoin gcéad) a bhí "mí-shásta" nó "an-mhí-shásta" leis an gCigireacht.

3.1 Gaoil phroifisiúnta i gcomhthéacs meastóireacht scoile

Tá na cigirí ag brath ar thacaíocht agus ar dhea-thoil na bpríomhoidí agus na múinteoirí chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil a gcuid oibre mar fhiontar comhoibritheach. Chuige seo, tá cumas an Chigire gaol a bhunú leis na múinteoirí thar a bheith tábhachtach chun an mheastóireacht a dhéanamh. Fuarthas freagra an-dearfach ó na múinteoirí maidir leis an gcéad mhír sa rannóg seo. Bhain an mhír seo le proifisiúntacht na gcigirí i dtaobh na hidirghníomhaíochta a bhí acu le múinteoirí. D'aontaigh 95.4 faoin gcéad díobh leis an ráiteas "bhain na cigirí úsáid as cur chuige proifisiúnta san idirghníomhaíocht a bhí acu liomsa mar mhúinteoir".

Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas:
"Bhain na cigirí úsáid as cur chuige proifisiúnta san idirghníomhaíocht a bhí acu liomsa mar mhúinteoir"



Measadh chomh maith, go raibh na cigirí cúirtéiseach agus ómósach. Fuair an dara ráiteas sa rannóg seo, "Bhí cúirtéis agus meas ag na cigirí ar mo phroifisiúntacht," freagra an-dearfach. D'aontaigh níos mó ná leath de na múinteoirí (55.9 faoin gcéad) go mór leis an ráiteas, agus d'aontaigh 36 faoin gcéad eile leis, i gcomparáid le 7.2 faoin gcéad a bhí go mór i gcoinne an ráitis nó i gcoinne an ráitis.

Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas:
"Bhí cúirtéis agus meas ag na cigirí ar mo phroifisiúntacht"



Is dúshlán ar leith é do chigirí íogaireacht agus cothromaíocht a thaispeáint agus ag an am gcéanna oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a choimeád le linn na hoibre. Éiríonn leis na cigirí an dúshlán seo a shárú, mar ní raibh ach 8.5 faoin gcéad de na múinteoirí nár aontaigh leis an ráiteas "bhí na cigirí mothálach nuair a bhíodar ag déileáil liom agus bhíodar cothrom liom le linn na hoibre meastóireachta."

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Thaispeáin na cigirí íogaireacht nuair a bhí siad ag déileáil liom agus bhí siad cothrom liom le linn tréimhse mo chuid oibre meastóireachta".**



I dteannta gaoil a fhorbairt le múinteoirí, tá ar chigirí gaol a dhéanamh leis an bpobal uile scoile le linn na hoibre meastóireachta. Bhain an mhír dheiridh sa rannóg seo den cheistneoir le cumas na gcigirí gaol a fhorbairt leis an bpobal scoile uile. Tá an chosúlacht ann go bhfuil ag éirí leis na cigirí. D'aontaigh 46.4 faoin gcéad de na múinteoirí go mór leis an ráiteas "bhí na cigirí dírithe ar ghaol proifisiúnta dearfach a fhorbairt leis an bpobal scoile."

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Bhí na cigirí dírithe ar ghaol proifisiúnta dearfach a fhorbairt leis an bpobal scoile".**



Ráitis bhreise maidir le gaoil phroifisiúnta i gcomhthéacs meastóireachta scoile

Fuarthas fiche sé ráiteas sa bhosca ráitis oscailte sa rannóg seo den cheistneoir. Astu seo, bhí fiche dó dearfach agus bhí ceithre cinn diúltach. Bhain na ráitis go háirithe le hiompar an chigire le linn meastóireacht na scoile a dhéanamh

3.2 Tuairim na múinteoirí faoi mhodhanna meastóireachta na gcigirí

Dearadh an rannóg seo den cheistneoir chun tuairim na múinteoirí a fháil faoi na modhanna a úsáideadh chun an mheastóireacht a chur i bhfeidhm. Sa bhreis ar thascanna eagraíochta agus riaracháin, mar fhógra cuí a thabhairt don iniúchadh, tugadh an seans do na múinteoirí a dtuairimí a thabhairt faoin méid aird a thug cigirí ar ghnéithe i gcomhthéacs scoile nó faoin seans a thug siad do mhúinteoirí a n-ionchur féin a thabhairt sa phróiseas meastóireachta.

Bhí an chéad mhír den cheistneoir bainteach le gnéithe riaracháin an phróisis meastóireachta, mar fhógra cuí a thabhairt faoi chruinnithe agus faoi chuairteanna iniúchta ginearálta. Cé go raibh 83.1 faoin gcéad de mhúinteoirí sásta nó an-shásta leis an bhfógra a tugadh faoi chuairteanna iniúchta ginearálta agus cruinnithe, bhí thart ar duine as ochtar nach raibh sásta nó a bhí an mí-shásta leis an ráiteas "tugadh fógra cuí faoin gcuairt iniúchta ginearálta agus socraíodh na cruinnithe uile roimh ré."

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Tugadh fógra cuí faoin gcuairt iniúchta ginearálta agus socraíodh na cruinnithe uile roimh ré".**



Tá an chosúlacht ann go measann múinteoirí go bhfuil tuiscint ag na cigirí ar na coinníollacha faoina n-oibríonn gach scoil faoi leith agus go dtógann siad iad seo san áireamh ina gcuid torthaí. D'aontaigh 40.6 faoin gcéad de na múinteoirí go mór leis an ráiteas agus d'aontaigh 45.6 faoin gcéad eile leis an ráiteas "thug na cigirí aird ar ghnéithe ranga/comhthéacs scoile le linn próiseas na meastóireachta".

Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas:
"Thug na cigirí aird ar ghnéithe ranga/comhthéacs scoile le linn próiseas na meastóireachta".



Bhí ard mheas ar na Cigirí de bharr fheabhas a mbailithe fianaise le haghaidh na meastóireachta. Bhí a lán daoine faoin dtuairim go raibh cigirí cothrom agus proifisiúnta maidir leis seo. Bhí an leibhéal is airde de chomh-aontacht sa rannóg seo den cheistneoir. D'aontaigh thart ar 90 faoin gcéad de mhúinteoirí go mór leis an ráiteas nó d'aontaigh siad leis an ráiteas "bhain na cigirí úsáid as modhanna cothroma agus bhí siad proifisiúnta nuair a bhailigh siad an fhianaise meastóireachta."

Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas:
"Bhain na cigirí úsáid as modhanna cothroma agus bhí siad proifisiúnta nuair a bhailigh siad an fhianaise meastóireachta".



Ar an dtaobh eile den scéal, bhí thart ar an gcúigiú cuid de na múinteoirí sa suirbhé (21.1 faoin gcéad) i gcoinne an ráitis nó go mór i gcoinne an ráitis "thug na cigirí deiseanna dom a mbreithiúnais a phlé agus d'éist siad le mo thaobh den scéal." Cé gur aontaigh 77.4 faoin gcéad gur tugadh deiseanna dóibh, seo an leibhéal easaontais is airde in aon mhír i gceistneoir na múinteoirí.

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Thug na cigirí deiseanna dom a mbreithiúnais a phlé agus d'éist siad le mo thaobh den scéal".**



Ghlac a lán múinteoirí go fonnmhar le cumas na gcigirí na láidreachtaí agus na deiseanna le haghaidh forbartha a aithint. Nuair a iarradh orthu faoin méid a aontaíonn siad leis an ráiteas "aimsíodh láidreachtaí mar aon le deiseanna agus moltaí," a thabhairt, d'aontaigh 89.6 faoin gcéad de na freagróirí go mór leis an ráiteas nó d'aontaigh siad leis an ráiteas.

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Aimsíodh láidreachtaí mar aon le deiseanna agus moltaí".**



Bhí ráta formheasa beagáinín níos ísle ann ar scileanna na gcigirí aiseolas a thabhairt. Fuair an ráiteas "tugadh aiseolas agus comhairle ar bhonn tacaíochta agus inchiallaithe", leibhéal comh-aontachta beagáinín níos ísle (86.2 faoin gcéad) agus leibhéal easaontais níos airde i gcomparáid leis an ráiteas deireanach, 10.3 faoin gcéad, i gcomparáid le 7.3 faoin gcéad.

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Tugadh aiseolas agus comhairle ar bhonn tacaíochta agus inchiallaithe".**



Ráitis bhreise maidir le modhanna meastóireachta

Déanadh 35 ráiteas a thaifeadadh sa bhosca ráitis oscailte sa rannóg seo den cheistneoir. Bhain fiche sé cinn de na ráitis le cigirí ag éisteacht le múinteoirí agus le gnéithe eile de chumarsáid múinteoir-cigire. Bhain an naoi ráiteas eile le meas na gcigirí ar chomhthéacs na scoile.

3.3 Tuairisceoireacht

Is cuid an-tábhachtach de ról an chigire é tuairisceoireacht. Tugann an tuairisc scríofa torthaí na cuairte meastóireachta, agus tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil an tuairisc cruinn agus oibiachtúil. Bhain seacht gcinn de mhíreanna ceistneora na múinteoirí le tuairisceoireacht na gCigirí. Chlúdaigh siad a gcumas cumarsáid éifeachtúil a dhéanamh le múinteoirí, an chomhsheasmhacht tuairisceoireachta idir bhéil agus scríofa, agus a thapúla a thóg sé na tuairiscí scríofa a fháil.

Go ginearálta measadh go raibh meas á thaispeáint ag cigirí ar mhúinteoirí agus go raibh dearbhú á thabhairt acu do mhúinteoirí faoina gcuid oibre. Fiafraíodh de na múinteoirí a dtuairimí a nochtadh maidir leis an ráiteas "thug na cigirí dearbhú dom faoi mo chuid oibre sa seomra ranga". D'aontaigh daichead a haon faoin gcéad de na freagróirí go mór leis an ráiteas seo, agus d'aontaigh 45.2 faoin gcéad leis.

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Thug na cigirí dearbhú dom faoi mo chuid oibre sa seomra ranga".**



Bhain an dara mír leis an gcomhairle a thug na cigirí faoin tslí go bhféadfaí feabhas a chur ar sholáthar an oideachais do na daltaí i gcomhthéacs na tuairisce. Cé gur aontaigh 80.5 faoin gcéad de na múinteoirí go mór leis an ráiteas, nó, d'aontaigh siad leis an ráiteas "thug na cigirí comhairle inchiallaithe faoi na slite feabhas a chur ar sholáthar an oideachais do dhaltaí," níor aontaigh 16.4 faoin gcéad leis.

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Thug na cigirí comhairle inchiallaithe faoi na slite feabhas a chur ar sholáthar an oideachais do dhaltaí".**



Bíonn roinnt mhaith cruinnithe ag cigirí le múinteoirí le linn próiseas na meastóireachta. Tugann siad aiseolas béil do mhúinteoirí sa tslí seo agus cuirtear pointí tábhachtachta na tuairisce meastóireachta deireanaí in iúl dóibh. Bhí mór-chuid na bhfreagróirí (85.8 faoin gcéad) sásta leis an tslí a tugadh an t-aiseolas, agus bhí 11.4 faoin gcéad an-mhíshásta nó mí-shásta leis an ráiteas "thug na cigirí aiseolas béil go mothálach agus go proifisiúnta agus rinneadh teachtaireachtaí tábhachtacha a chur in iúl go héifeachtach."

Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas:
"Thug na cigirí aiseolas béil go mothálach agus go proifisiúnta agus rinneadh teachtaireachtaí tábhachtacha a chur in iúl go héifeachtach".



Mar chontrárthacht le haiseolas béil tar éis meastóireachta, is é tuairisc scríofa an chigire an cuntas deiridh agus an ceann is buaine. Mar thoradh ar sin tugtar níos mó údaráis dó. Tá an trí mhír seo a leanas den anailís dírithe ar ábhar na dtuairiscí scríofa.

Mar fhreagra ar an ráiteas "bhí na tuairiscí scríofa go cóir agus cothrom" léirigh an chuid is mó de na múinteoirí (86.2 faoin gcéad) go raibh siad sásta le cleachtas na gcigirí maidir le seo. Ní raibh ach 5.4 faoin gcéad i gcoinne, nó, go mór i gcoinne an ráitis.

Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas:
"Bhí na tuairiscí scríofa go cóir agus cothrom".



Glacadh le cruinneas agus le cothromaíocht na dtuairiscí scríofa níos mó na mar a rinneadh lena shoiléireacht, le thart ar trian (34.5 faoin gcéad) a d'aontaigh go mór leis an ráiteas "bhí na tuairiscí scríofa soiléir agus thug siad moltaí maithe agus inchiallaithe dom le haghaidh forbartha." D'aontaigh 46.4 faoin gcéad leis seo. Níor aontaigh ach beagán níos mó ná (10.7 faoin gcéad) leis an ráiteas.

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Bhí na tuairiscí scríofa go soiléir agus thug siad moltaí maithe agus inchiallaithe dom le haghaidh forbartha".**



Nuair a cuireadh an cheist ar "coimeádadh comhsheasmhacht idir thuairisceoireacht béil agus scríofa," níor aontaigh níos mó ná duine as gach seachtar de na múinteoirí a rinneadh suirbhéireacht orthu leis an ráiteas nó bhí siad go mór i gcoinne an ráiteas.

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Coimeádadh comhsheasmhacht idir thuairisceoireacht bhéil agus scríofa".**



Bhain an mhír dheireanach de cheistneoir na múinteoirí leis na tuairisce deireanaí a fháil in am. De bharr an tábhacht a bhaineann leis an tuairisc dheireanach sé is dóichí ná go bhféachfaí ar mhoill tar éis na meastóireachta mar rud suntasach. Is comhartha intomhaiste é, chomh maith, i dtaobh éifeacht an phróisis mheastóireachta. Is ábhar buartha beag é, áfach, go raibh thart ar duine as gach cúigear de na múinteoirí (20.7 faoin gcéad) go mór i gcoinne nó i gcoinne an ráitis "fuarthas na tuairiscí scríofa sa scoil in am."

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Fuarthas na tuairiscí scríofa sa scoil in am".**



Ráitis bhreise maidir le tuairisceoireacht

Mar fhianaise den dáiríreacht a bhaineann le gné tuairisceoireachta na meastóireachta, bhí daichead a cúig ráiteas a bhain le tuairisceoireacht aighnithe sa bhosca ráitis oscailte. Don gcuid is mó bhí siad seo diúltach. Bhí a lán ráitis diúltacha tugtha faoin tuairisceoireacht, i gcomparáid le cúpla ceann dearfach. Bhí poncúlacht na tuairisceoireachta mar ghné, chomh maith, le fiche ráiteas diúltach faoi na tuairiscí a bheith déanach.

3.4 Sásamh iomlán leis an gCigireacht

Tugann an rannóg seo anailís ar an sásamh ginearálta leis an gCigireacht agus léirítear *anailís spreagtha tábhachtach* ar na gnéithe go bhfuil an tionchar is mó acu ar shásamh ginearálta.

D'iarr an mhír deireanach den cheistneoir ar na freagróirí a leibhéal sásaimh leis an gCigireacht a thabhairt. Dúirt nach mór leath díobh (48.7 faoin gcéad) go raibh siad "an-shásta" leis an gCigireacht agus bhí 40.6 faoin gcéad eile "sásta".

Sásamh Iomlán



Dúirt beagáinín níos mó ná 10 faoin gcéad de na múinteoirí a rinneadh suirbhéireacht orthu go raibh siad an-mhíshásta nó míshásta leis an gCigireacht. Bhí difríochtaí ann, áfach, idir thuairimí na múinteoirí ins na haois ghrúpaí difriúla. Mar shampla, bhí seans níos mó go mbeadh múinteoirí óga an-mhíshásta nó míshásta leis an gCigireacht ná mar bhí múinteoirí níos sine. Fad is nach raibh aon mhúinteoir san aois ghrúpa 55+ "míshásta" leis an gCigireacht, dúirt nach mór 15 faoin gcéad díobh siúd a bhí san aois ghrúpa faoi-40 go raibh siad "míshásta" nó "an-mhíshásta" leis an gCigireacht; seo i gcomparáid le 4.6 faoin gcéad dóibh siúd a bhí san aois ghrúpa 41–55. Caithfear a choimeád in aigne, áfach, an líon beag múinteoirí a bhí míshásta leis an gCigireacht.

Anailís spreagtha tábhachtach: sásamh ginearálta leis an gCigireacht

Sa bhreis ar an sásamh ginearálta a chur i gcomparáid ó thaobh aoise agus gnéis na múinteoirí, úsáideadh anailís aischéimnithe chun iniúchadh a dhéanamh ar thábhacht coibhneasach míreanna an cheistneora a bhain le sásamh ginearálta. Oibríonn sé seo trí na míreanna den cheistneoir a aithint go raibh an gaol is mó acu le sásamh ginearálta. Féachtar ar na fachtóirí seo mar na "gnéithe spreagtha" sásamh leis an tseirbhís. Sé an toradh ná tábla de thionchar coibhneasach, a léiríonn tábhacht coibhneasach gach gné spreagtha mar chéatadán mar atá léirithe sa léaráid seo a leanas. Clúdaíonn an sampla seo 58 faoin gcéad den éagsúlacht laistigh den "sásamh iomlán" malartach.



Léiríonn an léaráid go bhfuil gaol láidir ag sé cinn de mhíreanna an cheistneora leis an sásamh iomlán. Ciallaíonn sé seo gur dócha go mbeadh athrú ar an sásamh iomlán dá mbeadh méadú nó laghdú ar an leibhéal a aontaítear leis na sé mhír. Tá na sé mhír cnuasaithe, chomh maith, i ndá shraith thrí mhír, leis na trí mhír leis an tionchar is mó acu agus a bhaineann le gaol proifisiúnta i gcomhthéacs meastóireachta scoile i sraith amháin agus na trí mhír a bhaineann le modhanna meastóireachta agus tuairisceoireachta sa cheann eile.

Léiríonn na torthaí seo tábhacht agus tionchar scileanna idirphearsanta a bhaineann leis na réamhriachtanais teicniúla soiléire de scileanna meastóireachta proifisiúnta. Chomh maith le tacaíocht a mholadh i measc phobal na scoile, ba chóir aird a thabhairt ar an tionchar mór atá ag buanna idirphearsanta, mar dhíograis agus mheas a léiriú, ar rátaí sásaimh leis an gCigireacht.

Caibidil 4

Suirbhé ar na príomhoidí scoile

Déanann an chaibidil seo scrúdú níos sonraí ar thuairimí na bpríomhoidí ar an gCigireacht. Ina theannta sin, tugtar anailís spreagtha príomha–anailís ar na gnéithe leis an tionchar is mó acu ar shásamh na bpríomhoidí leis an gCigireacht.

Sé a bhí i gceist leis an gceistneoir do phríomhoidí ná scrúdú a dhéanamh ar na trí ghné céanna den ghníomhaíocht iniúchta a bhí i gceistneoir na múinteoirí:

- → gaoil phroifisiúnta i gcomhthéacs meastóireachta scoile,
- → modhanna meastóireachta,
- → tuairisceoireacht.

Faoi gach ceannteideal tugadh líon ráitis do na príomhoidí agus iarradh orthu an leibhéal gur aontaigh siad leis nó nár aontaigh siad leis a thaifeadadh. Tugadh an seans dóibh, chomh maith, ráitis bhreise a thabhairt. D'fhreagair 102 príomhoide an suirbhé, sin ráta freagartha 68 faoin gcéad.

Go ginearálta, agus mar a bhí leis na múinteoirí, bhí leibhéal sásaimh ard leis an gCigireacht i measc príomhoidí. Bhí nach mór leath de na príomhoidí (48 faoin gcéad) "an-shásta" leis an gCigireacht, agus bhí 44.1 faoin gcéad eile "sásta". Ní raibh ach 5.8 faoin gcéad "míshásta" nó "an-mhíshásta".

4.1 Gaoil phroifisiúnta i gcomhthéacs meastóireachta scoile

Bhí ceithre mhír scartha sa rannóg seo den cheistneoir a bhain le gaoil proifisiúnta na gcigirí le príomhoidí i gcomhthéacs meastóireachta scoile. Mar a bhí i gcás na múinteoirí, feictear ar chumas gcigirí gaol a fhorbairt le príomhoidí le linn an phróisis meastóireachta mar mhír an-tábhachtach. Fuarthas amach sa chéad mhír den rannóg seo, a bhain le proifisiúntacht na gcigirí ina n-idirghníomhaíochta le príomhoidí, gur aontaigh 95.1 faoin gcéad de na freagróirí leis an ráiteas "bhain na cigirí úsáid as cur chuige proifisiúnta ina n-idirghníomhaíocht liom mar phríomhoide scoile."

Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas:
"Bhain na cigirí úsáid as cur chuige proifisiúnta ina n-idirghníomhaíocht liom mar phríomhoide scoile".



Fuair an dara ráiteas sa rannóg seo, "Bhí cúirtéis agus meas ag na cigirí ar phroifisiúntacht an phríomhoide agus na múinteoirí sa scoil," freagra dearfach chomh maith. D'aontaigh 70.6 faoin gcéad de na múinteoirí go mór leis an ráiteas, agus d'aontaigh 24.5 faoin gcéad eile leis; seo i gcomparáid le 4.9 faoin gcéad nár aontaigh leis an ráiteas nó a bhí go mór ina coinne.

Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas:
"Bhí cúirtéis agus measúil ag na cigirí ar proifisiúntacht an phríomhoide agus na múinteoirí sa scoil".



Bhain an tríú mír sa cheistneoir le scileanna idirphearsanta na gcigirí le linn na hoibre. D'aontaigh na príomhoidí go léir nach mór (94.2 faoin gcéad) go láidir nó d'aontaigh siad leis an ráiteas "bhí na cigirí mothálach nuair a bhí siad ag déileáil le baill aonaracha na foirne agus bhí siad cothrom le daoine le linn cúrsa na hoibre meastóireachta."

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Bhí na cigirí mothálach nuair a bhí siad ag déileáil le baill aonaracha na foirne agus bhí siad cothrom le daoine le linn cúrsa na hoibre meastóireachta".**



Bhain an mhír dheiridh sa rannóg seo den gceistneoir le cumas na gcigirí gaol a fhorbairt le linn na hoibre leis an bpobal scoile uile. Ar an iomlán, d'aontaigh 92.2 faoin gcéad de na príomhoidí, agus d'aontaigh 55.2 faoin gcéad go mór leis an ráiteas "bhí na cigirí dírithe ar ghaol proifisiúnta dearfach a fhorbairt leis an bpobal scoile."

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Bhí na cigirí dírithe ar ghaol proifisiúnta dearfach a fhorbairt leis an bpobal scoile".**



Ráitis bhreise maidir le gaoil phroifisiúnta i gcomhthéacs meastóireachta scoile

Tugadh an seans do phríomhoidí scoile ráitis bhreise maidir le gaoil phroifisiúnta i gcomhthéacs meastóireachta scoile a thabhairt sa cheistneoir. Fuarthas aon ráiteas déag; bhí ocht gcinn dearfach agus bhí trí cinn diúltach. Bhain na ráitis le hiompar an chigire le linn na meastóireachta scoile.

4.2 Tuairim na múinteoirí faoi mhodhanna meastóireachta na gcigirí

Modhanna meastóireachta

Sé a bhí i gceist leis an gceistneoir ná tuairimí na bpríomhoidí a fháil faoi na socruithe riaracháin do na próisis mheastóireachta. D'fhéach an rannóg seo den cheistneoir ar a dtuairimí faoin bpróiseas meastóireachta. Bhain an chéad mhír le gnéithe riarthacha an phróisis. Bhí an chuid is mó de na príomhoidí (87.3 faoin gcéad) sásta leis na socruithe riaracháin don mheastóireacht; ach, níor aontaigh duine as gach deichniúr (10.7 faoin gcéad) leis an ráiteas nó bhí siad go mór i gcoinne an ráitis "bhí eagraithe riarthacha éifeachtúla déanta i leith eagrú na meastóireachta."

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Bhí eagraithe riarthacha éifeachtúla déanta i leith eagrú na meastóireachta".**



Bhí meas mór ar chigirí mar theagmhálaithe. Dúirt na príomhoidí go léir nach mór (94.1 faoin gcéad) go raibh cumarsáid éifeachtúil ag na cigirí le pearsanra na scoile le linn an phróisis meastóireachta scoile. Astu seo, d'aontaigh 51 faoin gcéad díobh go mór le seo. Ní raibh ach 5.9 faoin gcéad i gcoinne an ráitis "bhí cumarsáid éifeachtúil ag na cigirí le pearsanra na scoile le linn an phróisis meastóireachta sa scoil."

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **""Bhí cumarsáid éifeachtúil ag na cigirí le pearsanra na scoile le linn an phróisis meastóireachta sa scoil".**



Cé gur aontaigh an chuid is mó de na príomhoidí (79.4 faoin gcéad) gur chuir na cigirí gnéithe an chomhthéacs scoile san áireamh le linn an phróisis meastóireachta, níor aontaigh 17.7 faoin gcéad leis an ráiteas nó bhí siad go mór i gcoinne an ráitis "chuir na cigirí gnéithe an chomhthéacs scoile san áireamh nuair a bhíodar ag déanamh na meastóireachta ar an scoil." Seo an leibhéal is airde easaontais a rinneadh taifeadadh air in aon cheann de mhíreanna ceistneora an phríomhoide agus ba chóir smaoineamh ar tuilleadh taighde a dhéanamh ar an ábhar seo chun féachaint ar na cúiseanna a bhaineann leis.

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **Chuir na cigirí gnéithe an chomhthéacs scoile san áireamh nuair a bhí siad ag déanamh na meastóireachta ar an scoil".**



Glacadh go raibh na cigirí proifisiúnta ina gcur chuige agus mheas an chuid is mó de na príomhoidí gur chuir siad modhanna meastóireachta cothroma i bhfeidhm. D'aontaigh an chuid is mó (94.2 faoin gcéad) nó d'aontaigh siad go mór leis an ráiteas "bhain na cigirí úsáid as modhanna cothroma agus bhí siad proifisiúnta nuair a bhí fianaise meastóireachta á bailiú acu", agus ní raibh ach 5.9 faoin gcéad i gcoinne an ráitis.

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Bhain na cigirí úsáid as modhanna cothroma agus bhí siad proifisiúnta nuair a bhí fianaise meastóireachta á bailiú acu".**



Bhain an mhír dheiridh sa rannóg seo den cheistneoir le haitheantas na gcigirí ar ghnéithe áirithe d'obair na scoile. Cé gur aontaigh an chuid is mó de na freagróirí (84.3 faoin gcéad) go mór leis an ráiteas nó d'aontaíodar leis an ráiteas "thug na cigirí go leor aird ar na gnéithe is tábhachtaí den obair scoile," níor aontaigh duine as gach ochtar de na freagróirí (12.7 faoin gcéad) leis.

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Thug na cigirí go leor aird ar na gnéithe is tábhachtaí den obair scoile".**



Ráitis bhreise maidir le modhanna meastóireachta

As na 24 ráitis bhreise a d'aighnigh na freagróirí sa rannóg seo den cheistneoir, bhain 12 le gnéithe a bhain le scileanna cumarsáide na gcigirí, agus bhain an 12 eile le meas na gcigirí ar an gcomhthéacs scoile.

4.3 Tuairisceoireacht

Soláthraíodh ráitis d'fhreagróirí ar chumas cumarsáide na gcigirí, ar an gcothromaíocht agus an cheart sa tuairisceoireacht agus faoin gcaoi gur tugadh deis dóibh torthaí na dtuairiscí meastóireachta a phlé. Fiafraíodh díobh an leibhéal a aontaíonn siad leis an ráiteas "dhearbhaigh na cigirí obair na bainistíochta scoile agus na múinteoirí agus pearsanra scoile eile." D'aontaigh an chuid is mó de na príomhoidí (94.2 faoin gcéad) leis an ráiteas, agus d'aontaigh 47.1 faoin gcéad díobh siúd go láidir leis an ráiteas.

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Dhearbhaigh na cigirí obair na bainistíochta scoile agus na múinteoirí agus pearsanra scoile eile".**



Thug na príomhoidí tuairisc ar an méid a aontaíonn siad leis nó nach n-aontaíonn siad leis an ráiteas "thug na cigirí comhairle inchiallaithe don scoil faoi shlite gur féidir feabhas a chur ar sholáthar an oideachais." Cé gur aontaigh an chuid is mó (87.2 faoin gcéad) leis an ráiteas nó d'aontaigh siad go mór leis an ráiteas, bhí nach mór duine as gach ochtar (11.8 faoin gcéad) ina choinne.

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Thug na cigirí comhairle inchiallaithe don scoil faoi shlite gur féidir feabhas a chur ar sholáthar an oideachais".**



Bhí ardmheas ag na príomhoidi ar chumas cumarsáide béil na Cigireachta. D'aontaigh 91.1 faoin gcéad leis an ráiteas nó d'aontaigh siad go mór leis an ráiteas "bhí aiseolas béil na gcigirí tugtha i slí mothálach agus proifisiúnta agus rinneadh teachtaireachtaí tábhachtacha a chur in iúl go soiléir". Seo ráta níos airde ná mar a thuairiscigh na múinteoirí, le 7.8 faoin gcéad de na príomhoidí ina choinne, i gcomparáid le 11.4 faoin gcéad de na múinteoirí.

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Bhí aiseolas béil na gcigirí tugtha i slí mhothálach agus phroifisiúnta agus rinneadh teachtaireachtaí tábhachtacha a chur in iúl go soiléir"?**



Bhain na trí mhír deiridh den cheistneoir leis na tuairiscí scríofa a fuair na cigirí tar éis críoch an phróisis meastóireachta. Thuairiscigh an chuid is mó de na príomhoidí go raibh tuairiscí scríofa na gcigirí cóir agus cothrom. D'aontaigh 89.2 faoin gcéad de na freagróirí go mór leis an ráiteas nó d'aontaigh siad leis an ráiteas "bhí na tuairiscí scríofa go cóir agus go cothrom." Ní raibh ach 7.8 faoin gcéad i gcoinne an ráitis.

Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas:
"Bhí na tuairiscí scríofa go cóir agus go cothrom".



Bhí soiléireacht na dtuairiscí scríofa formhuinithe go dearfach ag na príomhoidí. As na freagróirí, d'aontaigh 91.1 faoin gcéad leis an ráiteas "bhí na tuairiscí scríofa go soiléir agus thug siad moltaí maithe agus inchiallaithe don scoil le haghaidh fhorbartha" agus astu san bhí nach mór leath (48 faoin gcéad) a d'aontaigh go láidir leis.

Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas:
"Bhí na tuairiscí scríofa go soiléir agus thug siad moltaí maithe agus inchiallaithe don scoil le h-aghaidh fhorbartha".



Bhain an mhír dheiridh den cheistneoir leis na seansanna a tugadh do phearsanra na scoile ceisteanna a chur maidir le torthaí na meastóireachta. Arís, d'aontaigh an chuid is mó de na freagróirí (84.3 faoin gcéad) leis an ráiteas nó d'aontaigh siad go láidir leis an ráiteas "tugadh seansanna cuí do phearsanra na scoile ceisteanna a chur maidir le torthaí a hinsíodh ó bhéal nó i scríbhinn." Bhí beagáinín sa bhreis ar duine as gach deichniúr freagróirí (10.8 faoin gcéad), áfach, i gcoinne an ráitis.

Q Cad é an méid a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: **"Tugadh seansanna cuí do phearsanra na scoile ceisteanna a chur maidir le torthaí a hinsíodh ó bhéal nó i scríbhinn."**



Ráitis bhreise maidir le tuairisceoireacht

Rinneadh taifeadadh ar fhiche trí ráiteas breise sa bhosca ráitis oscailte sa rannóg seo den cheistneoir. Bhain ceithre cinn déag díobh siúd le caighdeán na tuairisceoireachta. Rinne triúr príomhoide tagairt d'fhormáid na tuairisce agus dúirt siad go mb'fhearr leo leagan Béarla den tuairisc.

4.4 Sásamh ginearálta leis an gCigireacht

Iarradh ar na príomhoidí a leibhéal sásaimh leis an gCigireacht a thabhairt. Ar an iomlán, dúirt 92.1 faoin gcéad de na freagróirí go raibh siad sásta leis an gCigireacht: dúirt 48 faoin gcéad go raibh siad "an-shásta" and dúirt 44.1 faoin gcéad go raibh siad "sásta". Tá sé seo beagáinín níos dearfaí ná suirbhé na múinteoirí, ina raibh 48.7 faoin gcéad go mór i bhfábhar an ráitis chéanna, agus bhí 40.6 faoin gcéad i bhfábhar.

Sásamh Iomlán



Anailís spreagthaí príomha: sásamh iomlán leis an gCigireacht

Úsáideadh anailís aischéime chun fiosrú a dhéanamh ar thábhacht coibhneasach míreanna an cheistneora a bhain leis an sásamh iomlán. Bhí gaol láidir ag trí mhír den cheistneoir le sásamh iomlán na bpríomhoidí, i gcomparáid le sé mhír a aithníodh maidir le múinteoirí. Gach seans go raibh oiread tionchair ag laghad is a bhí ag méid na spreagthaí ar an toradh seo. Is iad na trí mhír a ainmníodh mar spreagthaí don sásamh iomlán i leith príomhoidí ná meastóireacht, modhanna agus tuairisceoireacht.

Bhí suim níos mó ag na príomhoidí faoi ghnéithe proifisiúnta an phróisis mheastóireachta ná mar a bhí na múinteoirí. Fad is a chomhdhéanann an tuairisc scríofa fianaise dheiridh na meastóireachta, agus de bharr gur dhócha go mbeadh freagracht níos mó ar phríomhoidí do thuairisc dá leithéid ná mar a bheadh ag múinteoirí, tá moladh a gcuid oibre an-tábhachtach dá dtaithí ar an meastóireacht.

Tá nádúr comhoibritheach agus nádúr comh-chabhraitheach na hoibre iniúchta aitheanta ag an tábhacht atá curtha leis na míreanna go bhfuil comhthuiscint ag cigirí agus ag príomhoidí faoi na gnéithe is tábhachtaí in obair na scoile, agus gur thug na cigirí seans cuí do na príomhoidí ceisteanna a chur faoi thorthaí na meastóireachta.



Caibidil 5

Torthaí agus Conclúidí

Léiríonn fianaise an tsuirbhé leibhéal ardsásaimh leis an tslí a chomhlíonann an Chigireacht gníomhaíocht meastóireachta i scoileanna. Fuair gach gné de sheirbhís na Cigireachta moladh láidir.

Meastar gur grúpa d'ard phroifisiúntacht í an Chigireacht, agus measann an chuid is mó de na múinteoirí agus na príomhoidí go bhfuil na cigirí gnaíúil agus éifeachtach. Tá difríochtaí idir thuairimí na múinteoirí agus tuairimí na bpríomhoidí i dtaobh na ngnéithe a spreagann an sásamh seo. Taispeánann torthaí an *anailís spreagtha príomha go* bhfuil tábhacht mór le scileanna idirphearsanta na gcigirí mar aon lena saineolas proifisiúnta, i dtuairim na múinteoirí. Ar an lámh eile, tugann na príomhoidí níos mó airde ar an méid a léirigh an mheastóireacht dearcadh comh-chothrom don rud atá tábhachtach do scoileanna – nó dá scoil féin, ach go háirithe.

Tá na cláir earcaíochta agus an modh traenála do chigirí dian, agus tá tairbhe na gclár seo léirithe ag an bhfreagra ginearálta ar an suirbhé custaiméirí seo.

Ar an iomlán, bhí leibhéal sásaimh ard i measc múinteoirí ar an gCigireacht. Dúirt beagáinín níos lú ná leath de na freagróirí (48.7 faoin gcéad) go raibh siad "an-shásta" leis an gCigireacht, agus dúirt 40.7 faoin gcéad eile go raibh siad "sásta". Taispeánann na scóir chomhiomlána go raibh 93 faoin gcéad de na múinteoirí sásta leis an ngaol proifisiúnta a bhí acu leis an gCigireacht i gcomhthéacs meastóireachta scoile, agus bhí 87.7 faoin gcéad sásta leis na modhanna meastóireachta agus bhí nach mór 87 faoin gcéad sásta leis an tuairisceoireacht (féach ar aguisín 3).

In ainneoin an fhreagra dhearfa, láidir tá codanna fós ann go bhféadfaí feabhas a chur orthu, ach go háirithe i modhanna riarthacha na Cigireachta. Baineann na fadhbanna is mó, dar leis na múinteoirí, le gnéithe an phróisis go háirithe, mar shampla fógra maidir le cruinnithe, agus na tuairiscí scríofa a sholáthar do scoileanna in am. In ainneoin seo fuair an Chigireacht leibhéal sásaimh an-ard i gcodanna eile de na modhanna meastóireachta a bhí níos casta agus níos éagsúla. Is féidir na fadhbanna a d'aithin na freagróirí a thomhas agus feabhas a chur orthu go héasca. Cabhróidh an bunachar-sonraí tuairisceoireachta a bunaíodh le déanaí do chigirí chun feabhas a chur ar an bpróiseas a úsáidtear chun tuairiscí meastóireachta a eisiúint do scoileanna agus do mhúinteoirí.

Thaispeáin freagraí an tsuirbhé chomh maith, gur mheas nach mór 15 faoin gcéad de na múinteoirí go raibh difríocht sa chomhsheasmhacht idir thuairiscí béil agus tuairiscí scríofa na gcigirí. De bharr nach gcaithfidh an chomhairle inchiallaithe a thug na cigirí le linn aiseolas béil agus cruinnithe iar-mheastóireachta a bheith priontáilte ina iomlán san tuairisc ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh sé seo a bheith mar chuid de chúis na breithe seo. Rud eile fós, cé gur mheas nach mór 21 faoin gcéad de na múinteoirí gur aithnigh an cigire na pointí láidre chomh maith leis na seansanna le
haghaidh feabhais, dúirt 21 faoin gcéad díobh nach raibh dóthain seans tugtha dóibh chun tuairimí na gcigirí a phlé nó chun a dtuairim féin a thabhairt. Fad is a d'aithnigh an anailís spreagtha príomha an gaol a bhí idir an cigire agus an scoil nó an múinteoir mar spreagadh tábhachtach don sásamh, ba chóir go mbeadh seansanna breise do mhúinteoirí a dtuairim a thabhairt ar a gcleachtas féin agus ar thorthaí an chigire mar ghné sa phróiseas meastóireachta. B'fhéidir gurab fhiú smaoineamh ar tuilleadh taighde a dhéanamh leis na múinteoirí úd a bhí míshásta leis an gCigireacht. Trína mbuairt nó a gcuid ghearán a thuiscint níos fearr, d'fhéadfaí díriú ar na gnéithe is mó go bhfuil mí-shástacht bainteach leo.

Ar an iomlán bhí leibhéal ardsásaimh leis an gCigireacht i measc príomhoidí, le 48 faoin gcéad díobh "an-shásta" leis an gCigireacht agus 44 faoin gcéad "sásta". Mar a mhalairt de scéal, bhí thart ar 94 faoin gcéad de na príomhoidí sásta leis an ngaol proifisiúnta idir an Chigireacht agus baill an phobail scoile i gcomhthéacs meastóireachta scoile, bhí 89 faoin gcéad sásta leis na modhanna meastóireachta, agus bhí thart ar 91 faoin gcéad sásta leis an tuairisceoireacht. Bé an príomh ábhar buartha do roinnt príomhoidí maidir le cigirí ná an neamhaird ar chomhthéacs scoile. Ar an iomlán, dúirt 17.7 faoin gcéad de na príomhoidí nach raibh siad sásta leis seo. Ar an mheán, mheas thart ar 94 faoin gcéad de na príomhoidí gur dhearbhaigh na cigirí obair na bainistíochta scoile agus múinteoirí agus pearsanra scoile eile, agus gur mheas thart ar 89 faoin gcéad go raibh na tuairiscí scríofa cóir agus cothrom. Mar sin, d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil easpa cumarsáide ag an gCigireacht maidir le gnéithe a aithníonn sí i leith chomhthéacs scoile agus go bhfuil teip orthu cabhrú le príomhoidí agus le múinteoirí tuiscint a bheith acu ar conas a chuireann na gnéithe seo isteach ar an meastóireacht.

Bhí ráta freagartha na dtuismitheoirí agus na mbord bainistíochta íseal (ceathair faoin gcéad agus aon faoin gcéad, faoi seach). Ba chóir smaoineamh ar shlí eile le haghaidh idirghabhála le tuismitheoirí agus le boird bhainistíochta sa todhchaí. D'fhéadfaí déileáil le seo trí fhreagróirí a earcú go gníomhach laistigh den dá ghrúpa le haghaidh obair shuirbhéireachta an todhchaí. D'fhéadfaí smaoineamh ar an suirbhé a dhéanamh leis na tuismitheoirí nó leis na boird bhainistíochta trí ríomh-phost nó tríd an bhfón.

Tá an Chigireacht gafa le próiseas meastóireachta leanúnach agus cuirfear lena cuid eolais trí an suirbhé seo. Thar am tá athrú agus feabhas curtha ar na bpróiseas seo, agus bíonn tionchar ag aiseolas ó scoileanna agus ó na cigirí féin ar seo. Beidh foilsiú na dtreoracha éagsúla den mheastóireacht, a léirigh go soiléir na scálaí ama agus na modhanna a chaithfear a leanúint le linn an phróisis meastóireachta, úsáideach do scoileanna. Mar shampla, beidh treoirlínte ar mheastóireacht scoile uile agus ar an bpróiseas promhaidh foilsithe sula bhfad.

Táthar ag súil go mbeidh an tuairisc seo úsáideach don Chigireacht agus iad i mbun feidhmeanna a chomhlíonadh. D'fhéadfaí na torthaí a úsáid le haghaidh suirbhéanna custaiméara sa todhchaí, i dtaobh deartha agus scóipe. Ní bheidh múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí ag súil le haon rud níos lú ná sin ón gCigireacht.

Aguisíní Aguisín 1

Ceistneoir eisithe do mhúinteoirí

Ceistneoir Suirbhé ar na Custaiméirí

le haghaidh Chigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

D'iarr Cigireacht an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) ar **MORI na hÉireann** suirbhé a dhéanamh ar mhúinteoirí i leith a dteagmhála leis an gCigireacht. Sé aidhm an tsuirbhé ná eolas a thabhairt don Chigireacht a chabhróidh le feabhas a chur ar na seirbhísí sa todhchaí.

Mar bhaill den gCumann Taighde Margaidh, cloíann **MORI na hÉireann** le cód iompair dian, ní h-amháin a chuireann béim ar ardchaighdeáin, ach ar phrionsabail agus ar roachtaíocht oiticiúla chomh maith. Chun rúndacht gach freagróra a dheimhniú, iarraimid nach síníonn aon mhúinteoir an ceistneoir. Bheimis an-bhuíoch díot dá líonfá an ceistneoir seo–ní chóir go dtógfadh sé ach idir cúig agus deich nóiméad–agus seol ar ais é chugainn roimh 20/05/2005 sa chlúdach litreach atá tugtha.

Dírionn na ceisteanna ar thrí ghné de ghníomhaíocht na cigireachta:

Gaoil phroifisiúnta
Modhanna Meastóireachta
Tuairisceoireacht

Níl aon fhreagraí ceart nó micheart. Is é do thuairim atá uainn, de bharr go bhfuil do chuid tuairimí an-tábhachtach don Chigireacht. Smaoinigh air go mbeidh rúndacht iomlán bainteach le do chuid freagraí.

Múinteoirí

Leibhéal nó rannóg scoile (cuir ciorcal timpeall an bhosca chuí, led thoil)	Leibhéal bunscoile	Iar-Bhunscoile An Dara Leibhéal	SGO Iar-Bhunscoile	Pobal Scoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Iar-Bhunscoile

Cuir tic sa bhosca cuí, led thoil		Go mór ina choinne	Ní aontaím leis	Aontaím leis	Aontaím go mór leis
Gaoil Phroifisiúnta i gcomhthéacs Meastóireachta Scoile					
1	Bhain na cigirí úsáid as cur chuige proifisiúnta ina gcuid idirghníomhaíochta liom mar mhúinteoir				
2	Bhí na cigirí cúirtéiseach agus bhí meas acu ar mo phroifisiúntacht				
3	Dhí na cigirí mothálach nuair a bhí siad ag déileáil liom agus bhí siad cothrom le linn na hoibre meastóireachta				
4	Bhí na cigirí dírithe ar ghaoil phroifisiúnta dhearfacha a fhorbairt leis an bpobal scoile				

Ráitis Bhreise:

(FÉACH AR CHÚL LED THOIL–LEANANN AN CEISTNEOIR LASTALL)

Cuir tic sa bhosca cuí, le thoil		Go mór ina choinne	Ní aontaím leis	Aontaím leis	Aontaím go mór leis
Modhanna Meastóireachta					
5	Tugadh fógra dóthanach faoin gcuairt iniúchta gníomhaíochta agus socraíodh na cruinnithe uile roimh ré				
6	Do thug na cigirí aird ar ghnéithe ranga/comhthéacs scoile le linn phróisis na meastóireachta				
7	Bhain na cigirí úsáid as modhanna cothroma agus bhí siad proifisiúnta nuair a bhailigh siad an fhianaise meastóireachta				
8	Thug na cigirí deiseanna dom a mbreithiúnais a phlé agus d'éist siad le mo thaobh den scéal				
9	Aimsíodh laidreachtaí mar aon le deiseanna agus moltaí				
10	Tugadh aiseolas agus comhairle ar bhonn tacaíochta agus inchiallaithe				
Ráitis Bhreise:					

Cuir tic sa bhosca cuí, led thoil		Go mór ina coinne	Ní aontaím leis	Aontaím leis	Aontaím go mór leis
Tuairiscíocht					
11	Thug na cigirí dearbhú dom faoi mo chuid oibre sa seomra ranga				
12	Thug na cigirí comhairle inchiallaithe faoi na slite chun feabhas a chur ar sholáthar an oideachais do dhaltaí				
13	Thug na cigirí aiseolas béil go mothúchán agus go proifisiúnta agus rinneadh teachtaireachtaí tábhachtacha a chur in iúl go héifeachtach				
14	Bhí na tuairiscí scríofa go cruinn agus cothrom				
15	Bhí na tuairiscí scríofa soiléir agus thug siad moltaí maithe agus inchiallaithe dom le haghaidh forbartha				
16	Coimeádadh comhsheasmhacht idir thuairiscíocht béil agus scríofa				
17	Fuarthas na tuairiscí scríofa sa scoil in am				
Ráitis Bhreise:					

Sa deireadh, tabhair, led thoil, an leibhéal sásaimh iomlán agat-sa leis an Chigireacht trí tic a chur sa bhosca cuí	**An Mhíshásta**	**Míshásta**	**Sásta**	**An Shásta**
Sásamh iomlán				

Cuir tic sa bhosca cuí, led thoil

Aois		**Inscne**	
< 24 bliana		Fireann	
25–40 bliana		Baineann	
41–54 bliana			
55+ bliana			

Go raibh maith agat as ucht do chuid ama a chaitheamh chun an ceistneoir a líonadh

Is féidir aon ráitis bhreise a chur ar bhileoga breise agus iad a shnáthadh ar ais leis an gceistneoir líonta

Aguisín 2

Ceistneoir eisithe do phríomhoidí scoile

Ceistneoir Suirbhé na gCustaiméirí
le haghaidh Chigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

Tá Cigireacht an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) tar éis iarradh ar **MORI na hÉireann** suirbhé a rith le príomhoidí scoileanna i dtaobh a gcuid teagmhála leis an Chigireacht. Sé aidhm an tsuirbhé ná colas a sholáthar don Chigireacht a fheabhsódh seirbhísí sa todhchaí.

Mar bhaill den gCumann Taighde Margaidh, clofann MORI na hÉireann le cód iompair dian, ní h-amháin a chuireann béim ar ardchaighdeáin, ach ar phrionsabail agus ar reachtaíocht eiticiúla chomh maith. Chun rúndacht gach freagróra a dheimhniú, iarraimid nach sínionn aon mhúinteoir an ceistneoir. Bheimis an-bhuíoch díot dá líonfá an ceistneoir seo–ní chóir go dtógfadh sé ach idir cúig agus deich nóiméad–agus seol ar ais é chugainn roimh 20/05/2005 sa chlúdach litreach atá tugtha.

Tá an ceistneoir seo dírithe ar thrí ghné de ghníomhaíocht na cigireachta:
Gaoil Phroifisiúnta
Modhanna Meastóireachta
Tuairisceoireacht

Níl aon fhreagraí ceart nó mícheart. Is é do thuairim amháin atá uainn, de bharr go bhfuil do chuid tuairimí an-tábhachtach don Chigireacht. Smaoinigh go mbeidh rúndacht iomlán bainteach le do chuid freagraí.

Príomhoide Scoile

Leibhéal/Rannóg Scoile (cuir ciorcal sa bhosca cuí, led thoil)	Leibhéal Bunscoile	Iar-Bhunscoil An Dara Leibhéal	SGO Iar-Bunscoile	Pobal Scoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Iar-Bhunscoile

Cuir tic sa bhosca cuí, led thoil		Go mór ina choinne	Ní aontaím Leis	Aontaím Leis	Aontaím go mór leis
Gaoil Phroifisiúnta i gcomhthéacs Meastóireachta Scoile					
1	Bhain na cigirí úsáid as cur chuige cuimsitheach ina nidirghníomhaíochta liom mar phríomhoide				
2	Bhí na cigirí cúirtéiseach agus bhí meas acu ar phroifisiúntacht na múinteoirí agus an phríomhoide				
3	Bhí na cigirí mothálach nuair a bhí siad ag déileáil le baill aonaracha de fhoirne na scoile agus bhí siad cothrom le daoine le linn na hoibre meastóireachta				
4	Bhí na cigirí dírithe ar ghaoil phroifisiúnta dhearfacha a fhorbairt leis an bpobal scoile				

Ráitis Bhreise:

(FÉACH AR CHÚL LED THOIL–LEANANN AN CEISTNEOIR LASTALL)

Cuir tic sa bhosca cuí, led thoil		Go Mór Ina Choinne	Ní aontaím Leis	Aontaím Leis	Aontaím Go Mór Leis
Modhanna Méastóireachta					
5	Bhí eagraithe riarthacha éifeachtúla déanta i leith eagrú na measúireachta				
6	Bhí cumarsáid éifeachtúil ag na cigirí le pearsanra na scoile le linn na hoibre measúireachta sa scoil				
7	Thug na cigirí aird ar ghnéithe ranga/comhthéacs scoile nuair a bhí siad ag déanamh na measúireachta ar an scoil				
8	Bhain na cigirí úsáid as modhanna cothroma agus bhí siad proifisiúnta nuair a bhailigh siad an fhianaise measúireachta				
9	Thug na cigirí go leor aird ar na gnéithe is tábhachtaí d'obair scoile				
Ráitis Bhreise:					

Cuir tic sa bhosca cuí led thoil		Go mór ina choinne	Ní aontaím leis	Aontaím leis	Aontaím go mór leis
10	Dhearbhaigh na cigirí obair na bainistíochta scoile, na múinteoirí agus pearsanra scoile eile				
11	Thug na cigirí comhairle inchiallaithe faoi na slite chun feabhas a chur ar sholáthar an oideachais do dhaltaí				
12	Thug na cigirí aiseolas béil go mothálach agus go proifisiúnta agus rinneadh teachtaireachtaí tábhachtacha a chur in iúl go héifeachtach				
13	Bhí na tuairiscí scríofa cóir agus cothrom				
14	Bhí na tuairiscí scríofa go soiléir agus thug siad moltaí maithe agus inchiallaithe don scoil le haghaidh fhorbartha				
15	Tugadh seans fónta do phearsanra na scoile ceisteanna a chur maidir le torthaí a hinsíodh as béal nó i scríbhinn				
Ráitis Bhreise:					

Tabhair, led thoil, do leibhéal sásaimh iomláin leis an gCigireacht trí thic a chur sa bhosca cuí	**An-Shásta**	**Mí-Shásta**	**Sásta**	**An-Shásta**
Sásamh Iomlán				

Go raibh maith agat as ucht do chuid ama a chaitheamh chun an ceistneoir a lionadh

Is féidir aon ráitis bhreise a chur ar bhileoga breise agus iad a sheoladh ar ais leis an gceistneoir líonta

Aguisín 3

Scóir chomhiomlána ó na ceistneoirí

3.1 Scóir chomhiomlána ó shuirbhé na múinteoirí

Gaoil phroifisiúnta i gcomhthéacs luachála meastóireachta scoile	Faoin gCéad Cruinn	Faoin gCéad Iomlán
An-Mhíshásta	3.1	3.1
Míshásta	3.9	7.0
Sásta	37.6	44.6
An-Shásta	55.4	100.0

Modhanna Meastóireachta	Faoin gCéad Cruinn	Faoin gCéad Iomlán
An-Mhíshásta	3.5	3.5
Míshásta	8.8	12.3
Sásta	43.6	55.9
An-Shásta	44.1	100.0

Tuairisceoireacht	Faoin gCéad Cruinn	Faoin gCéad Iomlán
An-Mhíshásta	3.4	3.4
Míshásta	9.8	13.2
Sásta	47.5	60.7
An-Shásta	39.3	100.0

3.2 Scóir chomhiomlána ó shuirbhé na príomhoidí scoile

Gaoil phroifisiúnta i gcomhthéacs luachála meastóireachta scoile	Faoin gCéad Cruinn	Faoin gCéad Iomlán
An-Mhíshásta	2.7	2.7
Míshásta	3.2	5.9
Sásta	30.6	36.5
An-Shásta	63.5	100.0

Modhanna Meastóireachta	Faoin gCéad Cruinn	Faoin gCéad Iomlán
An-Mhíshásta	4.0	4.0
Míshásta	6.8	10.8
Sásta	41.2	52.0
An-Shásta	48.0	100.0

Tuairisceoireacht	Faoin gCéad Cruinn	Faoin gCéad Iomlán
An-Mhíshásta	2.5	2.5
Míshásta	6.0	8.5
Sásta	43.9	52.4
An-Shásta	47.6	100.0